2025/999

26.5.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/999 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Bealtaine 2025

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'Hydrocid 306' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Meitheamh 2017 chuir Hydro-X iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún ([2]), ar údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil chéanna, dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013, ar a dtugtar 'Hydrocid 306', de chineálacha táirgí 6, 11, 12 agus 13, a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is é an táirge bithicídeach singil 'No. 06-06: Preservative 06-06' (Uimhir an údaraithe EU-0031652-0026) an táirge bithicídeach tagartha gaolmhar, ar cuid den fhine táirgí bithicídeacha tagartha ghaolmhar 'LANXESS CMIT/MIT biocidal product family' é. Rinneadh taifead den iarratas faoin gcás-uimhir BC-KK032827-30 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha. Údaraíodh an fhine táirgí bithicídeacha tagartha ghaolmhar 'LANXESS CMIT/MIT biocidal product family' le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2750 ón gCoimisiún ([3]), a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0031652-0000 aige.

(2) Tá CMIT/MIT (3:1) sa táirge bithicídeach aonair 'Hydrocid 306', ar substaint í a chuimsítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineálacha táirgí 6, 11, 12 agus 13.

(3) An 19 Iúil 2024 chuir an Ghníomhaireacht an tuairim uaithi ([4]) faoi bhráid an Choimisiúin mar aon leis an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh 'Hydrocid 306' i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2013 lena sonraítear nós imeachta maidir le húdarú na dtáirgí bithicídeacha céanna i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 125, 7.5.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/414/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2750 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2024 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha LANXESS CMIT/MIT biocidal product family i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/2750, 28.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2750/oj).

([4]) Tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an 19 Iúil 2024 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil chéanna 'Hydrocid 306', https://echa.europa.eu/opinions-on-applications-for-union-authorisation.

(4) Sa tuairim uaithi, tagann an Ghníomhaireacht ar an gconclúid, maidir leis na difríochtaí atá beartaithe idir an táirge bithicídeach singil 'Hydrocid 306' agus an táirge bithicídeach singil tagartha gaolmhar 'No. 06-06: Preservative 06-06', ar cuid den fhine táirgí bithicídeacha tagartha ghaolmhar 'LANXESS CMIT/MIT biocidal product family' é, go bhfuil na difríochtaí sin teoranta d'fhaisnéis is féidir a bheith faoi réir athrú riaracháin i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([5]), agus, ar bhonn an mheasúnaithe ar an bhfine táirgí bithicídeacha thagartha ghaolmhar 'LANXESS CMIT/MIT biocidal product family' agus faoi réir chomhlíonadh an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, go gcomhlíonann an táirge bithicídeach singil céanna 'Hydrocid 306' na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) An 13 Nollaig 2024 rinne an Ghníomhaireacht an achoimre athbhreithnithe ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh 'Hydrocid 306', i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, a tharchur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(6) Aontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus measann sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí údarú Aontais a dheonú le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil chéanna 'Hydrocid 306'.

(7) Ba cheart dáta éaga an údaraithe a bheith ailínithe le dáta éaga údarú na fine táirgí bithicídeacha tagartha gaolmhaire 'LANXESS CMIT/MIT biocidal product family'.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0032997-0000 aige do Hydro-X chun an táirge bithicídeach singil céanna 'Hydrocid 306' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 15 Meitheamh 2025 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2034.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe ar tháirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

IARSCRÍBHINN

ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE hAGHAIDH TÁIRGE BITHICÍDEACH

Hydrocid 306

Cineál nó cineálacha táirge

PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil

PT11: Leasaithigh do chórais fuaraithe leachtaigh agus phróiseála

PT12: Slaimicídí

PT13: Leasaithigh sreabhán oibre nó gearrtha

Uimhir an údaraithe: EU-0032997-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0032997-0000

Caibidil 1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Trádainm/trádainmneacha an táirge**

Trádainm/trádainmneacha	Hydrocid 306

1.2. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Hydro-X
	Seoladh	Tylstrupvej 50 9320 Hjallerup DK
Uimhir an údaraithe	EU-0032997-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0032997-0000	
Dáta an údaraithe	an 15 Meitheamh 2025	
Dáta éaga an údaraithe	31 October 2034	

1.3. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	Lanxess Deutschland GmbH, BU Material Protection Products
Seoladh an mhonaróra	Kennedyplatz 1, D-50569 Keulen, An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Lanxess Deutschland GmbH, BU Material Protection Products site 1 Rheinuferstraße 7-9, 47829 Krefeld, An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Lanxess Pte. Ltd.
Seoladh an mhonaróra	16, Joo Koon Crescent, 629018 Singapore, Singeapór

Suíomh na láithreán monaraíochta	Lanxess Pte. Ltd. site 1 16, Joo Koon Crescent, 629018 Singapore, Singeapór

Ainm an mhonaróra	LANXESS Chemical (China) Co., Ltd
Seoladh an mhonaróra	No. 318, Huanghai Road, 213127 Xinbei District, Changzhou, Jiangsu Province An tSín
Suíomh na láithreán monaraíochta	LANXESS Chemical (China) Co., Ltd site 1 No. 318, Huanghai Road 213127 Xinbei District, Changzhou, Jiangsu Province An tSín

Ainm an mhonaróra	LANXESS Corporation
Seoladh an mhonaróra	Neville Island, 3499 Grand Avenue, 15225 Pittsburgh, PA Na Stáit Aontaithe
Suíomh na láithreán monaraíochta	LANXESS Corporation site 1 Neville Island, 3499 Grand Avenue, 15225 Pittsburgh, PA Na Stáit Aontaithe

Ainm an mhonaróra	LANXESS India Pvt. Ltd.
Seoladh an mhonaróra	Jhagadia Industrial Estate, Plot No 748/2/A, GIDC 393110 District Bharuch, Jhagadia An India
Suíomh na láithreán monaraíochta	LANXESS India Pvt. Ltd. site 1 Plot No 748/2/A, GIDC 393110 District Bharuch, Jhagadia, An India

Ainm an mhonaróra	Vera Chimie Productions
Seoladh an mhonaróra	Zone Industrielle du Broteau, 2 Rue Du Broteau 69540 Irigny, An Fhrainc
Suíomh na láithreán monaraíochta	Vera Chimie Productions site 1 Zone Industrielle du Broteau, 2 Rue Du Broteau 69540 Irigny, An Fhrainc

1.4. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Meascán de 5-clóra-2-meitil-2H-isitiasól-3-ón (EINECS 247-500-7) agus 2-meitil-2H-isitiasól-3-ón (EINECS 220-239-6) (Meascán de CMIT/MIT)
Ainm an mhonaróra	Dalian Bio-Chem Co., Ltd.
Seoladh an mhonaróra	10F, R&F Center, No. 6 Gangxing Road, Zhongshan District, 116001 Dalian An tSín

Suíomh na láithreán monaraíochta	Dalian Bio-Chem Co., Ltd. site 1 Dalian Songmudao Chemical Industry Zone, Puwan New District, 116308 Dalian, Liaoning, An tSín

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Meascán de 5-clóra-2-meitil-2H-isitiasól-3-ón (EINECS 247-500-7) agus 2-meitil-2H-isitiasól-3-ón (EINECS 220-239-6) (Meascán de CMIT/MIT)		substaint ghníomhach	55965-84-9		2,5 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

AL Aon leacht eile

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM**

Ráitis ghuaise	H314: Ina chúis le dónna tromchúiseacha craicinn agus le damáiste don tsúil. H317: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomh ailléirgeach craicinn. H410: An-tocsaineach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha. EUH071: Creimneach don chonair riospráide.
Ráitis réamhchúraim	P272: Níor cheart éadaí éillithe oibre a ligean amach as an láthair oibre. P273: Ná scaoiltear amach sa chomhshaol. P280: Caith lámhainní cosanta. P280: Caith éadaí cosanta. P280: Caith cosaint súile. P280: Caith cosaint aghaidhe. P301+P330+P331: MÁ SHLOGTAR É: sruthlaítear an béal. NÁ spreagtar urlacan. P310: Cuir glao láithreach ar dochtúir. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE. P303+P361+P353: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN (nó le gruaig): Bain díot láithreach na héadaí éillithe go léir. Sruthlaítear an craiceann le huisce [nó glac cithfholcadh]. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE. P310: Cuir glao láithreach ar dochtúir.

	P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE. P310: Cuir glao láithreach ar dochtúir. P362+P364: Bain díot láithreach na héadaí éillithe agus nigh iad sula ndéanfar iad a athúsáid. P405: Stóráil faoi ghlas. P501: Diúscair an t-ábhar i de réir gach rialachán áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta. P501: Diúscair an coimeádán i de réir gach rialachán áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta. P391: Bailigh doirteadh.

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Leasú i gcanna sreabhán níocháin agus glantacháin (PT 6)

An cineál táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Sreabháin níocháin agus ghlantacháin
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáileadh uathoibríoch agus láimhe Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Ní mór an táirge bithicídeach a ionchorpú go haonchineálach sa mhaitrís atá le cosaint. Déantar an táirge bithicídeach a dháileadh sa soitheach measctha le linn an táirgthe i gcóras uisce-iompair, go hiondúil mar an comhábhar deiridh.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 261 – 1 500 mg den táirge/kg don mhaitrís atá le leasú. Ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le cosaint as a dtiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT idir 3.7 agus níos lú ná 15 ppm mar thoradh air. Airí uainithe: Minicíocht: Forchur aonair

Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch ; gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal (50 – 1 500 ml), HDPE, theimhneach — Canna breosla (5, 10, 20, 25, 30 agus 60 lítear), HDPE, teimhneach — Druma (206 agus 220 lítear), HDPE, teimhneach — Coimeádán builc idirmheánach (IBC) (1 000 lítear), HDPE, teimhneach

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2

Caomhnú i gcanna péinteanna agus bratuithe (PT 6)

An cineál táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Péinteanna agus bratuithe
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáileadh uathoibríoch agus láimhe Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Ní mór an táirge bithicídeach a ionchorpú go haonchineálach sa mhaitrís atá le cosaint. Déantar an táirge bithicídeach a dháileadh sa soitheach measctha le linn an táirgthe i gcóras uisce-iompair, go hiondúil mar an comhábhar deiridh.

Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 782 – 1 500 mg den táirge/kg den mhaitrís atá le leasú. Ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le cosaint as a dtiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT idir 11.1 agus 15 ppm mar thoradh air. Ní foláir nó go mbeidh níos lú ná 15 ppm den tsubstaint ghníomhach sna táirgí deiridh atá le húsáid ag an bpobal i gcoitinne. Airí uainithe: Minicíocht: Forchur aonair
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch ; gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal (50 – 1 500 ml), HDPE, theimhneach — Canna breosla (5, 10, 20, 25, 30 agus 60 lítear), HDPE, teimhneach — Druma (206 agus 220 lítear), HDPE, teimhneach — Coimeádán builc idirmheánach (IBC) (1 000 lítear), HDPE, teimhneach

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

4.3. **Tuairisc úsáide**

Tábla 3

Caomhnú i gcanna sreabhán a úsáidtear i dtáirgeadh páipéir (PT 6)

An cineál táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: -

Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Sreabháin a úsáidtear i dtáirgeadh páipéir (e.g. draoib líocha)
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáileadh uathoibríoch agus láimhe Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Ní mór an táirge bithicídeach a ionchorpú go haonchineálach sa mhaitrís atá le cosaint. Déantar an táirge bithicídeach a dháileadh sa soitheach measctha le linn an táirgthe i gcóras uisce-iompair, go hiondúil mar an comhábhar deiridh.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 521 – 3000 mg den táirge/kg den mhaitrís atá le leasú. Ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le leasú as a dtiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT idir 7.4 agus 30 ppm mar thoradh air. Airí uainithe: Minicíocht: Forchur aonair
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch ; gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal (50 – 1 500 ml), HDPE, theimhneach — Canna breosla (5, 10, 20, 25, 30 agus 60 lítear), HDPE, teimhneach — Druma (206 agus 220 lítear), HDPE, teimhneach — Coimeádán builc idirmheánach (IBC) (1 000 lítear), HDPE, teimhneach

4.3.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.3.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.3.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.3.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.3.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

4.4. **Tuairisc úsáide**

Tábla 4

Leasú i gcanna sreabhán a úsáidtear i dtáirgeadh teicstílí (PT 6)

An cineál táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-

Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Sreabháin a úsáidtear i dtáirgeadh teicstílí
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáileadh uathoibríoch agus láimhe Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Ní mór an táirge bithicídeach a ionchorpú go haonchineálach sa mhaitrís atá le cosaint. Déantar an táirge bithicídeach a dháileadh sa soitheach measctha le linn an táirgthe i gcóras uisce-iompair, go hiondúil mar an comhábhar deiridh.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 261 – 3 000 mg den táirge/kg den mhaitrís atá le leasú. Ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le leasú as a dtiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT idir 3,7 agus 30 ppm mar thoradh air. Airí uainithe: Minicíocht: Forchur aonair
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch ; gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal (50 – 1 500 ml), HDPE, theimhneach — Canna breosla (5, 10, 20, 25, 30 agus 60 lítear), HDPE, teimhneach — Druma (206 agus 220 lítear), HDPE, teimhneach — Coimeádán builc idirmheánach (IBC) (1 000 lítear), HDPE, teimhneach

4.4.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.4.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.4.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.4.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.4.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

4.5. **Tuairisc úsáide**

Tábla 5

Leasú i gcanna sreabhán a úsáidtear i dtáirgeadh leathair (PT 6)

An cineál táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Sreabháin a úsáidtear i dtáirgeadh leathair
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáileadh uathoibríoch agus láimhe Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Ní mór an táirge bithicídeach a ionchorpú go haonchineálach sa mhaitrís atá le cosaint. Déantar an táirge bithicídeach a dháileadh sa soitheach measctha le linn an táirgthe i gcóras uisce-iompair, go hiondúil mar an comhábhar deiridh.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 521 – 3 000 mg den táirge/kg den mhaitrís atá le leasú. Ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le leasú as a dtiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT idir 7.4 agus 30 ppm mar thoradh air. Airí uainithe: Minicíocht: Forchur aonair
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch ; gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal (50 – 1 500 ml), HDPE, theimhneach — Canna breosla (5, 10, 20, 25, 30 agus 60 lítear), HDPE, teimhneach — Druma (206 agus 220 lítear), HDPE, teimhneach — Coimeádán builc idirmheánach (IBC) (1 000 lítear), HDPE, teimhneach

4.5.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.5.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.5.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.5.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.5.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

4.6. **Tuairisc úsáide**

Tábla 6

Leasú i gcanna gliúnna agus greamachán (PT 6)

An cineál táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Gliúnna agus greamacháin
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáileadh uathoibríoch agus láimhe Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Ní mór an táirge bithicídeach a ionchorpú go haonchineálach sa mhaitrís atá le cosaint. Déantar an táirge bithicídeach a dháileadh sa soitheach measctha le linn an táirgthe i gcóras uisce-iompair, go hiondúil mar an comhábhar deiridh.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 261 – 3 000 mg den táirge/kg den mhaitrís atá le leasú. Ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le cosaint as a dtiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT idir 3,7 agus 30 ppm mar thoradh air. Ní foláir nó go mbeidh níos lú ná 15 ppm den tsubstaint ghníomhach sna táirgí deiridh atá le húsáid ag an bpobal i gcoitinne. Airí uainithe: Minicíocht: Forchur aonair
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch ; gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal (50 – 1 500 ml), HDPE, theimhneach — Canna breosla (5, 10, 20, 25, 30 agus 60 lítear), HDPE, teimhneach — Druma (206 agus 220 lítear), HDPE, teimhneach — Coimeádán builc idirmheánach (IBC) (1 000 lítear), HDPE, teimhneach

4.6.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.6.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.6.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.6.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.6.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

4.7. **Tuairisc úsáide**

Tábla 7

Leasú i gcanna nithe eile (breiseáin treisiúcháin agus ábhar tógála amhail líonaigh/séaltáin, plástair agus eibleachtaí céir) (PT 6) lena n-úsáid laistigh

An cineál táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Nithe eile (breiseáin treisiúcháin agus ábhar tógála amhail líonaigh/séaltáin, plástair agus eibleachtaí céir) a bheartaítear lena n-úsáid laistigh
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáileadh uathoibríoch agus láimhe Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Ní mór an táirge bithicídeach a ionchorpú go haonchineálach sa mhaitrís atá le cosaint. Déantar an táirge bithicídeach a dháileadh sa soitheach measctha le linn an táirgthe i gcóras uisce-iompair, go hiondúil mar an comhábhar deiridh.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 521 - 1 500 mg den táirge/kg den mhaitrís atá le leasú. Ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le cosaint as a dtiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT idir 7,4 agus 15 ppm mar thoradh air. Ní foláir nó go mbeidh níos lú ná 15 ppm den tsubstaint ghníomhach sna táirgí deiridh atá le húsáid ag an bpobal i gcoitinne.

	Airí uainithe: Minicíocht: Forchur aonair
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch ; gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal (50 – 1 500 ml), HDPE, theimhneach — Canna breosla (5, 10, 20, 25, 30 agus 60 lítear), HDPE, teimhneach — Druma (206 agus 220 lítear), HDPE, teimhneach — Coimeádán builc idirmheánach (IBC) (1 000 lítear), HDPE, teimhneach

4.7.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.7.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.7.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.7.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.7.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

4.8. **Tuairisc úsáide**

Tábla 8

Leasú i gcanna nithe eile (easráin polaiméirí/eibleachtaí atá beartaithe lena n-úsáid i bpéinteanna agus i mbratuithe, i ngliúnna agus i ngreamacháin, in ábhair thógála agus i sreabháin a úsáidtear i dtáirgeadh teicstílí agus i dtáirgí cosanta plandaí) (PT 6)

An cineál táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: -

Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Nithe eile (easráin polaiméirí/eibleachtaí atá beartaithe lena n-úsáid i bpéinteanna agus i mbratuithe, i ngliúnna agus i ngreamacháin, in ábhair thógála agus i sreabháin a úsáidtear i dtáirgeadh teicstílí agus i dtáirgí cosanta plandaí). Is é is aidhm leis an bhforchur meascáin pholaiméirí a leasú a úsáidtear go comhleanúnach le haghaidh péinteanna, gliúnna agus maitrísí breise a fhoirmliú (arna chumhdach faoi PT 6).
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáileadh uathoibríoch agus láimhe Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Ní mór an táirge bithicídeach a ionchorpú go haonchineálach sa mhaitrís atá le cosaint. Déantar an táirge bithicídeach a dháileadh sa soitheach measctha le linn an táirgthe i gcóras uisce-iompair, go hiondúil mar an comhábhar deiridh.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 261 - 1 500 mg den táirge/kg den mhaitrís atá le leasú. Ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le cosaint as a dtiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT idir 3,7 agus 15 ppm mar thoradh air. Ní foláir nó go mbeidh níos lú ná 15 ppm den tsubstaint ghníomhach sna táirgí deiridh atá le húsáid ag an bpobal i gcoitinne. Airí uainithe: Minicíocht: Forchur aonair
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch ; gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal (50 – 1 500 ml), HDPE, theimhneach — Canna breosla (5, 10, 20, 25, 30 agus 60 lítear), HDPE, teimhneach — Druma (206 agus 220 lítear), HDPE, teimhneach — Coimeádán builc idirmheánach (IBC) (1 000 lítear), HDPE, teimhneach

4.8.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.8.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.8.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.8.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.8.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

4.9. **Tuairisc úsáide**

Tábla 9

Leasú i gcanna nithe eile (draoib mianra) (PT 6)

An cineál táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Nithe eile (draoib mianra), e.g. Úsáidtear draoib-CaCO3 mar shampla sa tionscal páipéir agus i mbrainsí tionsclaíocha eile.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáileadh uathoibríoch agus láimhe Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Ní mór an táirge bithicídeach a ionchorpú go haonchineálach sa mhaitrís atá le cosaint. Déantar an táirge bithicídeach a dháileadh sa soitheach measctha le linn an táirgthe i gcóras uisce-iompair, go hiondúil mar an comhábhar deiridh.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 104 – 1 500 mg den táirge/kg don mhaitrís atá le leasú. Ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le cosaint as a dtiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT idir 1.48 agus 15 ppm mar thoradh air. Airí uainithe: Minicíocht: Forchur aonair
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal (50 – 1 500 ml), HDPE, theimhneach — Canna breosla (5, 10, 20, 25, 30 agus 60 lítear), HDPE, teimhneach — Druma (206 agus 220 lítear), HDPE, teimhneach — Coimeádán builc idirmheánach (IBC) (1 000 lítear), HDPE, teimhneach

4.9.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.9.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.9.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.9.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.9.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

4.10. **Tuairisc úsáide**

Tábla 10

Leasú sreabhán fuaraithe i gcórais athchúrsáilte oscailte (PT11)

An cineál táirge	PT11: Leasaithigh do chórais fuaraithe leachtaigh agus phróiseála
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Algaí Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Legionella Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Féadtar stáisiúin dáilte a chur lasmuigh (faoi dhíon nó i gcoimeádán). a. Sreabháin i gcórais fhuaraithe leachtanna athchúrsáilte oscailte agus sceitheadh uathu chuig an séarach bardasach (coisctheach). b. Do chóireáil íceach i gciorcaid uiscefhuaraithe atá buailte cheana féin.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáileadh díreach isteach sa chóras Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Dáiltear an táirge bithicídeach go díreach isteach sa chóras atá le cosaint. Déantar tuaslagáin de tháirge bithicídeach a dháileadh go huathoibríoch isteach in uisce an chiorcaid le linn an tsreafa.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: a. Coisctheach: 51,8 – 1 500 mg den táirge/kg don mhaitrís atá le leasú. Do chóireáil choiscitheach i gciorcaid uiscefhuaraithe, ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le cosaint as a tiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT de 0.735 – 15 ppm mar thoradh air. b. Íceach: 309,9 - 1 500 mg den táirge/kg don mhaitrís atá le leasú. Do chóireáil íceach i gciorcaid uiscefhuaraithe, ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le cosaint as a dtiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT idir 4.4 agus 15 ppm mar thoradh air.

	Airí uainithe: Minicíocht: a. Coisctheach: Braitheann líon na mbreiseanna gach seachtain ar an riocht ina bhfuil an t-aonad atá á chóireáil. b. Íceach: 2 – 3 huaire sa tseachtain go dtí go mbaintear amach éilliú miocróbach atá inghlactha. Ba cheart éilliú miocróbach inghlactha agus an tomhas lena mbaineann a bheith i gcomhréir le "córas bainistithe sláinteachais" na n-úsáideoirí atá i bhfeidhm. Am teagmhála le haghaidh úsáid íceach i gcoinne baictéar (lena n-áirítear legionella) fungas agus giosta is ea 24 huaire, i gcoinne algaí, 48 huaire.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch ; gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal (50 – 1 500 ml), HDPE, theimhneach — Canna breosla (5, 10, 20, 25, 30 agus 60 lítear), HDPE, teimhneach — Druma (206 agus 220 lítear), HDPE, teimhneach — Coimeádán builc idirmheánach (IBC) (1 000 lítear), HDPE, teimhneach

4.10.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.10.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Tá an úsáid teoranta do chórais fhuaraithe bheaga lena mbaineann séidghlanadh uasta 2 m^3/u. Ní mór fuíolluisce a sceitheadh chuig an séarach bardasach nó a íonadh i ngléasra cóireála séarachais tionsclaíoch ar an láthair lena n-áirítear céim chóireála bhitheolaíoch. Ní féidir an táirge a fhorchur ach amháin nuair atá na túir fhuaraithe feistithe le díbreoirí gluaiseachta a laghdaíonn gluaiseacht 99 % ar a laghad.

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.10.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.10.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.10.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

4.11. **Tuairisc úsáide**

Tábla 11

Leasú sreabhán fuaraithe i gcórais iata (PT 11)

An cineál táirge	PT11: Leasaithigh do chórais fuaraithe leachtaigh agus phróiseála
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-

Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Algaí Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Legionella Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Féadtar stáisiúin dáilte a chur lasmuigh (faoi dhíon nó i gcoimeádán). a. Sreabháin i gcórais fhuaraithe leachtacha athchúrsáilte iata agus sceitheadh uathu chuig an séarach bardasach (coisctheach). b. Do chóireáil íceach i gciorcaid uiscefhuaraithe atá buailte cheana féin.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáileadh díreach isteach sa chóras Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Dáiltear an táirge bithicídeach go díreach isteach sa chóras atá le cosaint. Déantar tuaslagáin de tháirge bithicídeach a dháileadh go huathoibríoch isteach in uisce an chiorcaid le linn an tsreafa.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: a. Coisctheach: 51,8 – 1 500 mg den táirge/kg don mhaitrís atá le leasú. Le haghaidh cóireáil choisctheach i gcoinne baictéar (lena n-áirítear legionella), fungas agus giosta i gciorcaid uiscefhuaraithe, ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le cosaint as a dtiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT idir 0.735 agus 15 ppm mar thoradh air, le haghaidh algaí ba cheart tiúchan idir 1.42 agus 15 ppm a úsáid. b. Íceach: 309,9 - 1 500 mg den táirge/kg don mhaitrís atá le leasú. Do chóireáil íceach i gciorcaid uiscefhuaraithe, ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le cosaint as a dtiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT idir 4.4 agus 15 ppm mar thoradh air. Airí uainithe: Minicíocht: a. Coisctheach: Braitheann líon na mbreiseanna gach seachtain ar an riocht ina bhfuil an t-aonad atá á chóireáil. b. Íceach: 2 – 3 huaire sa tseachtain go dtí go mbaintear amach éilliú miocróbach atá inghlactha. Ba cheart éilliú miocróbach inghlactha agus an tomhas lena mbaineann a bheith i gcomhréir le “córas bainistithe sláinteachais” na n-úsáideoirí atá i bhfeidhm. Am teagmhála le haghaidh úsáid íceach i gcoinne baictéar (lena n-áirítear legionella) fungas agus giosta is ea 24 huaire, i gcoinne algaí, 48 huaire.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch ; gairmiúil

Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal (50 – 1 500 ml), HDPE, theimhneach — Canna breosla (5, 10, 20, 25, 30 agus 60 lítear), HDPE, teimhneach — Druma (206 agus 220 lítear), HDPE, teimhneach — Coimeádán builc idirmheánach (IBC) (1 000 lítear), HDPE, teimhneach

4.11.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.11.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.11.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.11.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.11.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

4.12. **Tuairisc úsáide**

Tábla 12

Leasú leachtanna eile e.g. i gcórais aerchóirithe, i nglantóirí aeir agus in aonaid phaistéartha (PT 11)

An cineál táirge	PT11: Leasaithigh do chórais fuaraithe leachtaigh agus phróiseála
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Algaí Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Legionella Céim na forbartha:

Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Féadtar stáisiúin dáilte a chur lasmuigh (faoi dhíon nó i gcoimeádán). Chun uisce agus leachtanna eile a chosaint ó fhás miocróbach i gcórais aerchóirithe, i nglantóirí aeir, i dtaisirí, i gcomhdhlúthadáin ghalúcháin, in aisréadóirí ina stad, i gcórais mhúchta spraeála uisce agus in aonaid phaistéartha.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáileadh díreach isteach sa chóras Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Dáiltear an táirge bithicídeach go díreach isteach sa chóras atá le cosaint. Déantar tuaslagáin de tháirge bithicídeach a dháileadh go huathoibríoch isteach in uisce an chiorcaid le linn an tsreafa.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: a. Coisctheach: 51,8 – 1 500 mg den táirge/kg don mhaitrís atá le leasú. Ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú i leachtanna a úsáidtear i gcórais aerchóirithe, i nglantóirí aeir, i dtaisirí, i gcomhdhlúthadáin ghalúcháin, i gcórais scannán, in aisréadóirí ina stad, i gcórais mhúchta spraeála uisce agus in aonaid phaistéartha atá le cosaint as a dtiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT idir 0.735 agus 15 ppm mar thoradh air, le haghaidh cóireáil choisctheach i gcoinne baictéar (lena n-áirítear Legionella), fungas agus giosta, le haghaidh cóireáil choisctheach i gcoinne algaí ba cheart tiúchan íon CMIT/MIT idir 1.42 agus 15 ppm a úsáid. b. Íceach: 309,9 - 1 500 mg den táirge/kg don mhaitrís atá le leasú. Do chóireáil íceach ba cheart tiúchan CMIT/MIT idir 4.4 agus 15 ppm a úsáid. Airí uainithe: Minicíocht: Forchur aonair nó iolrach (braitheann líon na mbreiseanna ar riocht an aonaid atá á chóireáil). Am teagmhála le haghaidh úsáid íceach i gcoinne baictéar (lena n-áirítear Legionella), fungas agus giosta is ea 24 huaire, i gcoinne algaí, 48 n-uaire.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal (50 – 1 500 ml), HDPE, theimhneach — Canna breosla (5, 10, 20, 25, 30 agus 60 lítear), HDPE, teimhneach — Druma (206 agus 220 lítear), HDPE, teimhneach — Coimeádán builc idirmheánach (IBC) (1 000 lítear), HDPE, teimhneach

4.12.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.12.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.12.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.12.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.12.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

4.13. **Tuairisc úsáide**

Tábla 13

Leasú tuaslagán modúl scannán (PT 11)

An cineál táirge	PT11: Leasaithigh do chórais fuaraithe leachtaigh agus phróiseála
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Tuaslagáin modúl scannán. Caomhnú / Leasú an uisce in aonaid scannán a úsáidtear in ullmhúchán réamhchóireála uisce le linn dhúnadh táirgthe tar éis glantacháin. Forchuirtear na bithicídí chun sreabháin phróisis a úsáidtear le haghaidh aonaid/córais scannán neamhbhia a leasú (e.g. cúlosmóis agus scannáin ultrascagacháin, a úsáidtear go forleathan in ullmhú réamhchóireála an uisce (neamhbhia, uisce neamh-inólta, neamhliacht). Úsáidtear aonaid scannán i dtionscail éagsúla (fuíolluisce, teicneolaíochtaí dromchla, díshalannú uisce farraige etc.). Bíonn na córais sin ag athchúrsáil.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáileadh díreach isteach sa chóras Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Dáiltear an táirge bithicídeach go díreach isteach sa chóras atá le cosaint. Déantar tuaslagáin de tháirge bithicídeach a dháileadh go huathoibríoch isteach in uisce an chiorcaid le linn an tsreafa.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 725,4 – 1700 mg den táirge/kg den mhaitrís atá le leasú. Ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le leasú as a dtiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT idir 10,3 agus 17 ppm mar thoradh air. Airí uainithe: Minicíocht: Forchur aonair nó iolrach (braitheann líon na mbreiseanna ar riocht an aonaid atá á chóireáil).

Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal (50 – 1 500 ml), HDPE, theimhneach — Canna breosla (5, 10, 20, 25, 30 agus 60 lítear), HDPE, teimhneach — Druma (206 agus 220 lítear), HDPE, teimhneach — Coimeádán builc idirmheánach (IBC) (1 000 lítear), HDPE, teimhneach

4.13.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Le linn dhúnadh an táirgthe, moltar gníomhú in aghaidh fás micribhitheolaíoch taobh istigh de na heilimintí scannán. Sula ndúntar é, ní mór an gléasra a ghlanadh ar dtús, chun gach cineál sil-leagan cosúil le carbónáití, salainn, silice, ábhar orgánach nó bithmhais a bhaint. Chun na críche sin, úsáidtear glantóirí scannán speisialaithe. Tar éis an ghlantacháin, déantar an gléasra a shruthlú le huisce cáilíochta tréscaoilte go dtí go mbaintear amach pH neodrach. Tar éis na gcéimeanna glantacháin sin amháin a bhíonn CMIT/MIT ina bhfuil uisce ag teacht chuig an ngléasra agus á scaipeadh go rialta trí chaidéalú mall. Ba cheart an táirge bithicídeach a chur leis an uisce líonta (cáilíocht tréscaoilte), chun fás micribhitheolaíoch a sheachaint le linn tréimhsí dúnta níos faide. Le linn tréimhsí dúnta níos faide, ba cheart an t-uisce líonta a scaipeadh go rialta trí chaidéalú mall agus é á shampláil lena sheiceáil le haghaidh athéilliú micribhitheolaíoch. Is féidir athrú sa pH a bheith ina chéad táscaire ar atheilliú ag micribhitheolaíocht. Sa chás sin ní mór tuaslagán an líonta a athsholáthar.

Braitheann an dáileog go mór ar an bhfoirmliú agus ar úsáid bheartaithe an táirge lena gcuirtear an leasaitheach. Dá bhrí sin, ba cheart don úsáideoir riachtanais dáileog a chinneadh don mhaitrís/don chóras sonrach atá le leasú. Ba cheart an dáileog éifeachtach is ísle a úsáid.

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.13.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.13.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.13.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.13.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

4.14. **Tuairisc úsáide**

Tábla 14.

Leasú ciorcad uisce bháin (gearrchúrsaíocht) sa tionscal páipéir (PT 12)

An cineál táirge	PT12: Slaimicídí
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: -

Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Leasú ciorcad uisce bháin (gearrchúrsaíocht) sa tionscal páipéir. a. Chun ciocaid uisce bháin (gearrchúrsaíocht) a chosaint ó bhaictéir i meaisíní páipéir (coisctheach). b. Do chóireáil íceach i gciorcaid uisce bháin (gearrchúrsaíocht) i meaisíní páipéir atá buailte i gcoinne baictéar agus fungas cheana féin. Is é is aidhm leis an bhforchur foirmiú slaim ar phíbobair agus ar dhromchlaí ábhar agus trealaimh a chosc i limistéar an pháipéir.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáileadh díreach isteach sa chóras (Dáileadh turrainge / leanúnach). Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Dáiltear an táirge bithicídeach go díreach isteach sa chóras atá le cosaint (Dáileadh turrainge / leanúnach). Cuirtear tuaslagáin den táirge bithicídeach leis go huathoibríoch trí chaidéal agus phíopaí dáilte go díreach isteach sa chiorcad (ceannbhosca, cófra measctha, umar scagtha, sruthán. etc.).
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: a. Coisctheach: 52.15 – 1 500 mg den táirge/kg don mhaitrís atá le leasú (ag brath go mór ar an gcóras féin atá á chóireáil). Do chóireáil choiscitheach (cothabháil) i gciorcaid uisce bháin, ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le cosaint as a tiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT de 0.74 – 15 ppm mar thoradh air. Tagraíonn sé sin do 10.6 g a.i./tonna páipéir ar a mhéad. b. Íceach: 517.6 – 1 500 mg den táirge/kg don mhaitrís atá le leasú (ag brath go mór an gcóras féin atá á chóireáil). Do chóireáil íceach i gciorcaid uisce bháin (dáileog turrainge), ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le cosaint as a dtiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT de 7.35 – 15 ppm. Airí uainithe: Minicíocht: Braitheann líon na mbreiseanna gach seachtain ar riocht an aonaid atá á chóireáil. Idir 1 agus 6 dháileog turrainge in aghaidh an lae is ea minicíocht bhreiseanna an táirge bhithicídigh. Am teagmhála le haghaidh úsáid íceach: 24 huaire.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch ; gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal (50 – 1 500 ml), HDPE, theimhneach — Canna breosla (5, 10, 20, 25, 30 agus 60 lítear), HDPE, teimhneach — Druma (206 agus 220 lítear), HDPE, teimhneach — Coimeádán builc idirmheánach (IBC) (1 000 lítear), HDPE, teimhneach

4.14.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.14.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Ní cheadaítear forchur ach i monarchana páipéir a chomhlíonann an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha 2010/75/AE i gcás ina ndéantar fuíolluisce a íonú in ionad cóireála séarachais tionsclaíoch ar an láthair, lena n-áirítear céim chóireála bhitheolaíoch i gcomhréir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT) mar a fhorordaítear sa doiciméad tagartha maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BREF: BAT reference document) i ndáil le táirgeadh laín, páipéir agus cláir. Ní mór an t-eisilteach a chaolú 200 uair ar a laghad. Ní mór monarcha páipéir atá díolmhaithe ón Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha sceitheadh a dhéanamh chuig an séarach bardasach.

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.14.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.14.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.14.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

4.15. **Tuairisc úsáide**

Tábla 15

Leasú leachtanna a úsáidtear chun miotal agus glas a chóireáil nó a ghearradh (PT 13)

An cineál táirge	PT13: Leasaithigh sreabhán oibre nó gearrtha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Lena úsáid mar oibreán costanta i leachtanna a úsáidtear chun miotal agus glas a chóireáil nó a ghearradh. Is é is aidhm leis an bhforchur meathlú miocróbach ó bhaictéir, fungais nó giostaí a chosc.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáileadh díreach isteach sa chóras Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cuirtear an táirge bithicídeach leis an eibleacht atá foirmithe cheana féin. Cuirtear an bhithicíd leis ar bhonn meicniúil nó ar bhonn uathoibríoch le huaineadóir. Le haghaidh cur leis ag taobh umair, déantar na táirgí bithicídeacha a chur leis trí chaidéal dáilte uathoibríoch agus píopaí sonracha isteach san umar scagtha áit ina sreabhann na sreabháin oibre miotail. Ní mór an táirge a chur isteach faoi bhun leibhéal an uisce chun meascadh tapa a chumasú agus chun an riosca nochta bithicíde a laghdú. Déantar an dáileadh go ceann 30-60 nóiméad.

Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 1 669,0 - 3 000 mg den táirge/kg don mhaitrís atá le leasú. Ba cheart an táirge bithicídeach a ionchorprú sa mhaitrís atá le cosaint, as a dtiocfaidh tiúchan íon CMIT/MIT idir 23.7 agus 30 ppm mar thoradh air. Airí uainithe: Minicíocht: 1-7 uair in aghaidh na seachtaine.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch ; gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal (50 – 1 500 ml), HDPE, theimhneach — Canna breosla (5, 10, 20, 25, 30 agus 60 lítear), HDPE, teimhneach — Druma (206 agus 220 lítear), HDPE, teimhneach — Coimeádán builc idirmheánach (IBC) (1 000 lítear), HDPE, teimhneach

4.15.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.15.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach ar na treoracha ginearálta úsáide.

4.15.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.15.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.15.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE** ([1])

5.1. **Treoracha úsáide**

Treoracha ginearálta

Moltar réamhthástálacha a dhéanamh d'fhonn oiriúnacht, comhoiriúnacht agus tiúchan optamach a chinneadh sula n-úsáidfear an táirge i bhforchur nua. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an bhileog faisnéise faoin táirge atá bailí faoi láthair.

Ar lipéid an táirge tá treoracha maidir le conas an táirge a chaolú.

Faisnéis ghinearálta úsáide

PT 6

Maidir le leasú i gcanna sreabhán níocháin agus glantacháin, péinteanna agus bratuithe, sreabháin a úsáidtear i dtáirgeadh páipéir, teicstílí agus leathair, chomh maith le gliúnna agus greamacháin. Ar úsáidí eile (PT 6.7) cuimsítear leasú i gcanna breiseán treisiúcháin agus ábhair thógála (e.g. líonaigh/séaltáin, plástair, eibleachtaí céir), easráin polaiméirí/eibleachtaí atá beartaithe lena n-úsáid i bpéinteanna, i mbratuithe, i ngliúnna agus i ngreamacháin, in ábhair thógála agus i sreabháin a úsáidtear i dtáirgeadh teicstílí) agus cóireáil draoib mianra.

Ní mór an táirge a ionchorpú go haonchineálach sa mhaitrís atá le cosaint.

Braitheann an dáileog go mór ar an bhfoirmliú agus ar úsáid bheartaithe an táirge lena gcuirtear an leasaitheach. Dá bhrí sin, ba cheart don úsáideoir riachtanais dáileog a chinneadh don mhaitrís/don chóras sonrach atá le leasú. Ba cheart an dáileog éifeachtach is ísle a úsáid.

PT 11

Le húsáid mar bhithicíd chun sreabháin fhuaraithe i gcórais athfhillteacha agus leachtanna eile a leasú atá mar shampla i gcórais aerchóirithe, i nglantóirí aeir agus in aonaid phaistéartha ó inmhíolú le horgánaigh dhíobhálacha amhail baictéir (lena n-áirítear Legionella), fungais agus giostaí agus algaí. Thairis sin, cuimsítear sna forchuir arna gcumhdach faoi PT 11 leasú tuaslagán modúl scannán.

Ba cheart aonaid mhóréillithe a ghlanadh roimh an gcóireáil.

Cuirtear an táirge bithicídeach leis an gciorcad uisce lena chóiréail ag pointe inar féidir mearscaipeadh cothrom na bithicíde a áirithiú.

Tosaíonn an éifeacht mhicribhithicídeach tar éis méadraithe.

Braitheann an dáileog go mór ar an bhfoirmliú agus ar úsáid bheartaithe an táirge lena gcuirtear an leasaitheach. Dá bhrí sin, ba cheart don úsáideoir riachtanais dáileog a chinneadh don mhaitrís/córas sonrach atá le leasú. Ba cheart an dáileog éifeachtach is ísle a úsáid. Mar gheall ar éagsúlacht sna córais agus sna maitrísí éagsúla (ualach orgánach, éilliú miocróbach, foirmiú slaim, teocht, pH, etc.) ba cheart tomhais bheachta a dhéanamh trí bhithín tástálacha ceimiceacha agus micribhithicídeacha d'fhonn an dáileog éifeachtach a chinneadh don suíomh nó don chóras sonrach.

PT 12

Le húsáid mar bhithicíd chun ciorcaid uisce bháin a leasú i meaisíní páipéir. Is é is aidhm leis an bhforchur foirmiú slaim (de dheasca baictéar agus fungas) ar phíbobair agus ar dhromchlaí ábhar agus trealaimh a chosc i limistéar an pháipéir.

Tosaíonn an éifeacht mhicribhithicídeach tar éis méadraithe.

Cuirtear an táirge bithicídeach leis an gciorcad uisce bháin i meaisíní páipéir lena chóiréail ag pointe inar féidir mearscaipeadh cothrom na bithicíde a áirithiú.

Braitheann an dáileog go mór ar an bhfoirmliú agus ar úsáid bheartaithe an táirge lena gcuirtear an leasaitheach. Dá bhrí sin, ba cheart don úsáideoir riachtanais dáileog a chinneadh don mhaitrís/don chóras sonrach atá le leasú. Ba cheart an dáileog éifeachtach is ísle a úsáid.

PT 13

Le húsáid mar oibreán costanta chun leachtanna a úsáidtear chun miotal agus glas a chóireáil nó a ghearradh a leasú. Is é is aidhm leis an bhforchur meathlú miocróbach ó bhaictéir, fungais nó giostaí a chosc.

Déantar an táirge bithicíde atá réidh lena úsáid gan é a chaolú ná a fhoirmliú roimhré a fhorchur go díreach isteach sa timthriall sreabháin miotalóireachta chun meathlú miocróbach a rialú agus chun feidhm cheart an tsreabháin miotalóireachta a choinneáil.

Tosaíonn an éifeacht mhicribhithicídeach tar éis méadraithe.

Cuirtear an táirge bithicídeach leis an gciorcad miotalóireachta lena chóiréail ag pointe inar féidir mearscaipeadh cothrom na bithicíde a áirithiú.

Braitheann an dáileog go mór ar an bhfoirmliú agus ar úsáid bheartaithe an táirge lena gcuirtear an leasaitheach. Dá bhrí sin, ba cheart don úsáideoir riachtanais dáileog a chinneadh don mhaitrís/don chóras sonrach atá le leasú. Ba cheart an dáileog éifeachtach is ísle a úsáid.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Ba cheart an trealamh a ghlanadh, le huisce is fearr é a ghlanadh. Déan uisce sruthlaithe a chaolú go leordhóthanach sula ndéantar é a dhiúscairt trí ghléasra cóireála fuíolluisce.

Ná déan dramhaer a scaoileadh amach chuig an atmaisféar ach amháin trí bhithín scarthóirí nó sciúrthóirí oiriúnacha. Níl gá le haon bhearta cosanta ar leith i gcoinne tine nó pléasctha.

Déantar cur síos ar Trealamh Cosanta Pearsanta Riachtanach ar an Bhileog Sonraí Sábháilteachta.

Caith lámhainní cosanta (EN 374) agus forchóta (Éadaí cosanta ar cheimiceáin de chineál 6 (e.g. EN 13034)) agus an táirge á láimhseáil.

Caith cosaint súl nó aghaidhe (moltar spléaclaí cosanta nó aghaidhsciath, ISO 16321 agus an táirge á láimhseáil.

Caith lámhainní cosanta atá ceimiceándíonach (EN 374) agus culaith dhí-éilliúcháin (de chineál 6, EN 13034 ar a laghad) atá neamhscagach i leith an táirge bhithicíde agus an táirge á láimhseáil, le linn fhorchur agus iar-fhorchur i gcás tiúchan C(M)IT/MIT ≥ 15 ppm.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Bearta garchabhrach

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaítear an béal láithreach bonn. Tabhair rud éigin le hól don duine, má tá an duine neamhchosanta ábalta slogadh. NÁ spreagtar urlacan. Glaoigh ar 112/otharcharr le haghaidh cúnaimh.

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Bogtar chuig aer úr agus fantar socair i suíomh atá comporach le haghaidh análaithe.

I gcás siomptóm: Glaoigh ar 112/otharcharr le haghaidh cúnaimh.

I gcás nach mbíonn aon siomptóm ann: Glaoigh ar LÁRIONAD NIMHIÚCHÁIN nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann láithreach le neart uisce. Ina dhiaidh sin, bain de éadaí éillithe agus nítear iad sula gcaitear arís iad. Coinnítear de bheith ag glanadh an chraicinn le huisce agus leantar dá shruthlú go ceann 15 nóiméad. Glaoitear ar LÁRIONAD NIMHIÚCHÁIN nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear iad láithreach le huisce go ceann roinnt nóiméad. Baintear de lionsaí tadhaill, más ann dóibh agus má tá sé éasca sin a dhéanamh. Leantar de bheith ag sruthlú na súl go ceann 15 nóiméad ar a laghad. Glaoitear ar 112/otharcharr le haghaidh cúnaimh.

Rioscaí comhshaoil ar leith

Ní mór coimeádáin an táirge a láimhseáil, a stóráil agus a iompar chun damáiste do na coimeádáin a sheachaint agus chun sceitheadh an táirge isteach san ithir, san aer agus san uisce a sheachaint. Tá an táirge bithicídeach díobhálach d'orgánaigh uisceacha. Tá an táirge in-bhithdhíghrádaithe tar éis caolaithe.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Faisnéis faoina dhiúscairt

Seiceáil cé acu an féidir é a athúsáid. Déan dramhtháirge agus coimeádáin fholmha éillithe a phacáistiú nó a shéalú, déan iad a lipéadú agus a sceitheadh i gcomhréir leis na gníomhartha maidir le diúscairt dramhaíola.

I gcás méideanna móra, téigh i gcomhairle leis an soláthróir. Ní mór faighteoir na gcoimeádán éillithe folmha a chur ar an eolas faoi na rioscaí féideartha mar gheall ar iarmhair an táirge. Sa chás go ndéantar é a dhiúscairt laistigh de AE, bain úsáid as an gcód dramhaíola bailí faoi seach i gcomhréir leis an gCatalóg Dramhaíola Eorpach. Tá táirgeoir na dramhaíola freagrach as na cóid dramhaíola earnáilsonracha agus phróiseas-sonracha a shannadh dá dhramhaíl i gcomhréir leis an gCatalóg Dramhaíola Eorpach.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Seilfré: 12 mhí.

Déan é a stóráil sna coimeádáin bhunaidh agus iad séalaithe go docht.

Cosain ar shioc.

Caibidil 6. **FAISNÉIS EILE**

Maidir le "Catagóir/catagóirí úsáide" tabhair de d'aire: "Ciallaíonn gairmithe (lena n-áirítear úsáideoirí tionsclaíocha) gairmithe oilte má cheanglaítear amhlaidh de réir na reachtaíochta náisiúnta."

Bainistiú frithsheasmhachta i leith forchur atá beartaithe (PT 11, 12, 13):

— tearcdháileogacht a sheachaint;

— éifeachtúlacht agus ábhar bithicíde a bhrath go minic i gcórais thionsclaíocha chun cothabháil na tiúchana cirte CMIT/MIT a áirithiú;

— maidir le forchuir nua, moltar go mór réamhthástálacha d'fhonn oiriúnacht, comhoiriúnacht agus optamacht na tiúchana a chinneadh;

— i gcás dálaí is deacra, ailtéarnú ar na substaintí gníomhacha i.e. uainiú le bithicídí eile, freisin d'fhéadfadh sé a bheith ina chabhair é a úsáid i gcomhar le táirgí eile.

Teidil iomlána chaighdeáin EN agus na reachtaíochta dá dtagraítear i roinn 5.2:

EN ISO 374 –Lámhainní cosanta ar cheimiceáin chontúirteacha agus ar mhiocrorgánaigh

EN ISO 13034 - Éadaí cosanta ar cheimiceáin leachtacha - Ceanglais feidhmíochta maidir le héadaí cosanta ar cheimiceáin lena dtugtar feidhmíocht chosanta theoranta ar cheimiceáin leachtacha (Trealamh de Chineál 6 agus de Chineál PB [6])

(1) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáid údaraithe.